



An Bhruiséil, 6 Márta 2017
(OR. en)

6981/17

DEVGEN 34
CLIMA 55
ENER 98
COPS 82
CFSP/PESC 224
ENV 226
ONU 37
RELEX 208
CSDP/PSDC 113

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó: Ardrúnaíocht na Comhairle

An: 6 Márta 2017

chuig: na toscaireachtaí

Uimh. an doic. 6626/17
roimhe seo:

Ábhar: Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme - na sineirgí a neartú idir taidhleoireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an aeráid agus le fuinneamh agus gnéithe ar tosaíochtaí do 2017 iad
- Conclúidí ón gComhairle (6 Márta 2017)

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo, na Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme - na sineirgí a neartú idir taidhleoireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an aeráid agus le fuinneamh agus gnéithe ar tosaíochtaí do 2017 iad, mar a ghlac an Chomhairle iad ag an 3525ú cruinniú dá cuid, a bhí ar siúl ar an 6 Márta 2017.

Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh a chur chun feidhme - na sineirgí a neartú idir taidhleoireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil leis an aeráid agus le fuinneamh agus gnéithe ar tosaíochtaí do 2017 iad

Conclúidí ón gComhairle

1. Meabhraíonn an Chomhairle di na conclúidí uaithi an 20 Iúil 2015 agus an 15 Feabhra 2016 atá mar threoir i gcónaí don obair a dhéanann an tAontas Eorpach i bpáirt leis na Ballstáit ar thaidhleoireacht i gcúrsaí fuinnimh agus aeráide agus ar na pleananna gníomhaíochta do thaidhleoireacht an Aontais i ndáil le fuinneamh agus do thaidhleoireacht an Aontais i ndáil leis an aeráid, agus meabhraíonn sí di chomh maith na conclúidí uaithi an 17 Deireadh Fómhair 2016 i ndáil le Straitéis Dhomhanda an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBeartas Eachtrach agus Slándála (EUGS) ina n-iarrtar go gcuirfear gníomhaíochtaí comhleanúnacha chun feidhme sna réimsí sin, agus meabhraíonn sí di na conclúidí uaithi an 28 Samhain 2016 maidir le fuinneamh agus forbairt ina gcuirtear in iúl go bhfuil gá le cur chuige straitéiseach ón Aontas.
2. Agus í ag meabhrú di Comhaontú Pháras maidir leis an Athrú Aeráide, Creat Straitéiseach an Aontais Fuinnimh agus Clár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe, cuireann an Chomhairle i bhfios gur cuspóirí iad seo a leanas a dhéanann gach taobh a neartú agus gur codanna lárnacha de EUGS iad: dul i ngleic leis an athrú aeráide agus tacú le todhchaí a bheidh neodrach ó thaobh díobháil aeráide de agus seasmhach ó thaobh aeráide de agus an t-aistriú domhanda go dtí astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus go dtí geilleagair a bheadh seasmhach ó thaobh na haeráide de agus iomaíoch agus inbhuanaithe a chur chun cinn mar aon le slándáil fuinnimh.
3. Déanann an Chomhairle comhghairdeas leis na Náisiúin Aontaithe agus le hUachtaránacht Mharacó ar COP 22 mar gheall ar na hiarrachtaí suntasacha a rinne siad chun rath COP 22 a bhaint amach agus cuireann sí in iúl go dtacaíonn sí le hUachtaránacht Fhidsí ar COP 23 atá ar na bacáin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit tiomanta do Chomhaontú Pháras, rud a léiríodh ina rún daingean beart a dhéanamh de réir briathra a tugadh i dtaobh spriocanna aeráide, agus cuireann sí i dtreis go bhfuil sí i bhfabhar i gcónaí an móiminteam dearfach sin a choinneáil ar bun i bpróisis UNFCC agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile a bhaineann le cúrsaí aeráide, agus go bhfuil sí i bhfabhar úinéireacht dhomhanda Chomhaontú Pháras a bheith mar chuid den móiminteam sin i gcónaí. Cuireann sí in iúl go láidir nach mór don Aontas a bheith i gceannas i gcónaí ar chur chun feidhme Chomhaontú Pháras agus ar an aistriú go dtí astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus geilleagair a bheidh seasmhach ó thaobh na haeráide de. Molann sí freisin go mbeadh an Eoraip ar thús cadhnaíochta ar an leibhéal domhanda i ndáil le fuinneamh in-athnuaite, lena n-áirítear taighde, nuálaíocht agus teicneolaíochtaí.

4. I gcomhréir le Comhaontú Pháras, le Clár Oibre 2030 agus le Forógra Marrakech i dtaca le Gníomh inar athdhearbhaíodh diongbháilteacht an domhain dul i ngleic leis an athrú aeráide agus inar deimhníodh gur do-athraithe an t-aistriú go dtí astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus go dtí geilleagair agus sochaithe a bheadh seasmhach ó thaobh na haeráide de, beartaíonn an Chomhairle freisin taidhleoireacht an Aontais i ndáil leis an aeráid a athspreagadh agus an t-athrú aeráide a choinneáil ina thosaíocht straitéiseach in idirphlé ar an aeráid ag taidhleoirí, agus na forbairtí is deanaí mar aon leis an tírdhreach geopholaitiúil athraitheach á gcur san áireamh. Iarrann an Chomhairle ar Ghréasán Taidhleoireachta Glaise an Aontais an plean gníomhaíochta don taidhleoireacht aeráide a nuashonrú a luaithe is féidir, chun go gcuirfear na conclúidí seo ón gComhairle chun feidhme le linn na mblianta 2017/2018.
5. Beartaíonn an Chomhairle neart a chur le sineirgí agus gníomhaíochtaí comhleanúnacha, i gcás inarb iomchuí, idir na gnéithe ábhartha den taidhleoireacht a bhíonn ar siúl ag an Aontas agus na Ballstáit i ndáil le cúrsaí aeráide agus fuinnimh. Áirítear leis sin leas níos fearr a bhaint as ionstraimí an Aontais agus na mBallstát i dtaca le cúnamh airgeadais agus teicniúil agus neart a chur leis na naisc le réimsí tábhachtacha eile beartais, ar a n-áirítear taidhleoireacht i ndáil leis an ngeilleagar, comhar um fhorbairt inbhuanaithe, sábháilteacht núicléach, an imirce, slándáil bia agus uisce, acmhainní aigéin agus muirí, ullmhacht maidir le tubaistí, taighde agus nuálaíocht. Tá ról tábhachtach ag toscaireachtaí an Aontais, i gcomhar le ambasáidí na mBallstát, i ngníomhaíochtaí níos comhleanúnaí a chur chun cinn.
6. Cuireann an Chomhairle i bhfios an tábhacht a bhaineann le comhpháirtíochtaí leanúnacha saincheaptha le tríú tíortha, agus le gníomhaithe neamhstáit chomh maith, ar a n-áirítear údaráis áitiúla agus réigiúnacha, an tsochaí shibhialta agus an earnáil phríobháideach, agus é d'aidhm leis na comhpháirtíochtaí sin tacú le cur chun feidhme Chlár Oibre 2030, Comhaontú Pháras agus an Straitéis i dtaca leis an Aontas Fuinnimh, agus nascadh rannchuidiú arna chinneadh go náisiúnta (NDCanna) le straitéisí náisiúnta forbartha a chaomhnú mar aon leis na straitéisí sin a chlaohlú le go mbeidh ann do bheartais agus bearta indéanta i ngach earnáil den gheilleagar. Léiríonn an Chomhairle freisin éifeacht dhearfach eacnamaíoch an t-aistriú go dtí geilleagair ag a bhfuil astaíochtaí ísle gás ceaptha teasa ar ghníomhaithe eacnamaíocha san Aontas agus ar fud an domhain agus léiríonn sí an tábhacht a bhaineann le feabhas a chur ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar fhuinneamh in-athnuaite chun go n-áiritheofar rochtain uilíoch ar fhuinneamh inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, measann an Chomhairle go mbeidh tábhacht ar leith ag baint le gníomhaíocht taidhleoireachta i ndáil leis an aeráid agus le fuinneamh i dtíortha G20 – arb iad is cúis le 80 % de na hastaíochtaí domhanda – ach aithníonn sí freisin an tábhacht a bhaineann le leanúint de thacaíocht a thabhairt don obair a dhéantar i gcomhar le tíortha atá i mbéal forbartha le go gcomhlíonfaidh siad a gcuid riachtanas i dtaca le maolú agus oiriúnú.

7. Molann an Chomhairle freisin go mbeadh cuspóirí an Aontais i ndáil leis an aeráid agus le fuinnimh san áireamh i gcomhpháirtíochtaí an Aontais leis na hinstitiúidí idirnáisiúnta airgeadais, leis na bainc forbartha agus le hinstitiúidí airgeadais eile agus go mbeidís san áireamh chomh maith in eagraíochtaí agus fóraim iltaobhacha eile, agus molann sí go ndéanfaí iad a áireamh ar bhonn gníomhach agus aitheantas á thabhairt aici don tábhacht a bhaineann leis na hacmhainní dúchasacha uile agus le teicneolaíochtaí sábháilte agus inbhuanaithe i dtaca le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa i gcomhréir le Comhaontú Pháras agus le Straitéis an Aontais i dtaca leis an Aontas Fuinnimh.
8. Dearbhaíonn an Chomhairle an athuair go bhfuil taidhleoireacht fuinnimh tábhachtach ó thaobh tacú leis na hiarrachtaí atá ar bun chun fuinneamh inbhuanaithe, iomaíoch, daingean, slán, inacmhainne a áirithiú i dtéarmaí éagsúlú foinsí, soláthraithe agus bealaí, agus i dtéarmaí rochtain uilíoch ar fhuinneamh inbhuanaithe a áirithiú chomh maith, agus cuspóirí an Aontais Fuinnimh á gcomhlíonadh i gcomhréir lena ghné sheachtrach mar aon le caidreamh le tríú tíortha a bheadh bunaithe ar chothroime iomaíochta a áirithiú. Maidir leis an méid sin, tá sé tábhachtach i gcónaí go leanfar de threoir a thabhairt trí rannpháirtíocht rialta ardleibhéil. Aithníonn an Chomhairle freisin an chaoi ina gcaomhnaítear deiseanna eacnamaíocha, slándáil fuinnimh, slándáil aeráide agus rathúnas leis an aistriú go dtí fuinneamh glan chomh maith le seasmhacht stáit agus sochaí agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sé tábhachtach go gcuirfear le rannpháirtíú gníomhaithe neamhstáit amhail údaráis áitiúla, gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha (ENRanna), an tsochaí shibhialta, an lucht slándála agus an lucht eolaíochta. Maidir le sábháilteacht núicléach, tá an tAontas tiomanta i gcónaí do na caighdeáin is airde a chur chun cinn agus a fheabhsú go leantach i dtríú tíortha.
9. Leagann an Chomhairle béim áirithe ar an bpráinn a bhaineann le díriú ar na hiarmhairtí díchobhsaithe a d'fhéadfadh a bheith ag an athrú aeráide agus ag impleachtaí na tearcrochtana fuinnimh ar sheasmhacht, slándáil agus imirce, agus leis an obair a phríomhshruthú a dhéanann sí i dtaca leis na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe uile, go háirithe Sprioc 13 maidir leis an Aeráid, Sprioc 7 maidir le Fuinneamh Inbhuanaithe, Sprioc 16 maidir leis an tSíocháin, Sprioc 6 maidir le hUisce Glan agus Sláintíocht agus Sprioc 2 maidir le Slándáil Bia. Ba cheart don Aontas Eorpach agus do na Ballstáit obair a dhéanamh, ag tógáil ar na tionscnaimh atá ann cheana, idir thionscnaimh de chuid G7 agus G20, Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus fhóraim idirnáisiúnta eile, ionas go dtiocfaí ar fheasacht níos leithne agus go ndéanfaí anailís agus bainistiú níos leithne ar rioscaí i dtaca leis an aeráid, ionas go dtacófaí le comhpháirtithe an Aontais ar fud an domhain chun gur féidir iarmhairtí an athraithe aeráide don chobhsaíocht intíre, don tslándáil idirnáisiúnta agus d'easáitíú daoine a thuiscint, a chomhtháthú agus a bhainistiú níos fearr agus go mbeifí ullamh do na hiarmhairtí sin.

10. Cuireann an Chomhairle in iúl go láidir, maidir le tionscnaimh i dtíortha leochaileacha a mbíonn éifeacht ag iarmhairtí an athraithe aeráide agus ag easpa rochtana nó ag rochtain mhíchothrom ar fhuinneamh slán agus inbhuanaithe orthu, nach mór go spreagfaí na tionscnaimh sin i gcónaí agus go dtacófaí leo i gcónaí trí thaidhleoireacht an Aontais i dtaca le cúrsaí aeráide agus fuinnimh. Tá acmhainní airgeadais, aistriú na teicneolaíochta agus fothú acmhainní á soláthar ag an Aontas agus ag na Ballstáit chun cabhrú le tíortha i mbéal forbartha sa chaoi go n-áiritheofar, ar gach leibhéal ábhartha den chinnteoireacht i dtaca le forbairt, comhtháthú an oiriúnaithe don athrú aeráide agus don mhaolú air mar aon le comhtháthú an mhéadaithe ar an rochtain ar fhuinneamh inbhuanaithe, mar chuid leantach de na gealltanais a thug an tAontas agus na Ballstáit cheana. Maidir leis an méid sin, ní mór léiriú a dhéanamh ar na ranníocaíochtaí tábhachtacha, i dtaca le maoiniú i ndáil leis an aeráid, a thagann ó fhoinsí éagsúla maoinithe ar a n-áirítear an Ciste Glas don Aeráid, institiúidí idirnáisiúnta airgeadais, bainc forbartha iltaobhacha agus maoiniú príobháideach chomh maith, agus ní mór an léiriú sin a choinneáil ar bun freisin agus cuspóir Chomhaontú Pháras á chur san áireamh, is é sin go mbeidh sreafaí maoinithe comhsheasmhach le hastaíochtaí ísle gás ceaptha teasa agus le forbairt atá seasmhach ó thaobh na haeráide de.
